## Ceardlanna ar fáil

**Rogha 1 -** **Cumadóireachta agus Léiriúcháin (lá amháin)**
Go dtí 50 daltaí

**Rogha 2 -** **Cumadóireachta agus Taifeadadh (dhá lá)**
Go dtí 24 daltaí
*Bronntar dlúthdhiosca dá chuid oibre féin ar gach dalta, chomh maith le teastas rannpháirtíochta "Songschool/IMRO"*

**Rogha 3 -** **Cumadóireachta, Léiriúcháin, Taifeadadh agus Físeán Taifeadadh (3 - 5 la)**
Go dtí 24 daltaí
*Bronntar dlúthdhiosca dá chuid oibre féin ar gach dalta, chomh maith le DVD leis an físeán agus teastas rannpháirtíochta "Songschool/IMRO"*

## Ráiteas Molta

Bhí cur chuige den scoth ag na teagascóirí, a d'oirr go mór d'eiteas na scoile. Bhain gach duine, idir mhúinteoirí agus dhaltaí, árd-taitneamh as an lá. Thug sé deis dona páistí tuiscint concréideach a fháil ar na coincheapanna a bhí idir láimhe agus é curtha ina láthair i modh spraoiúil, taitneamhach. Bhí na páistí ar bís go raibh dlúthdhiosca dá gcuid féin acu ag déanamh leiriú ar a gcuid oibre féin. Is cinnte gurb iad ar cheann dena dreamanna is fearr a tháinig isteach ag ár scoil ariamh! Táimid ag súil leo arís cheana féin an bhliain seo chugainn! Is iontach dúinn mar Ghaelscoil chomh maith go bhfuil a leithead de sheirbhís, ar árdchaighdeán ar fáil trí Ghaeilge. Is dream cabhrach, proifisiúnta, tuisceannach iad Songschool augs ní bheadh moill ar bith orm iad a mholadh d'éinne!

**Clodagh Ní Mhaoilchiaráin**
**Príomhoide**
**Gaelscoil Bhaile Brigín**

Tá Songschool ag teacht chugain le 9 mbliana anuas. Ceardlann lán de spraoi agus ceol, ní hamháin don cheoltóir is fearr, ach oiriúnach don dalta gan nóta ina gcluas araon. Tugann na teagascóirí gach aon cabhair ar bhonn phroifisiúnta spreagúil agus tugann sé deis don dalta teacht ar talannacha nua. Mholfainngo laidir í a ionchorpadh mar chuid d'aon clár idirbhliana.

**Ciarán Ó Murchú**
**Co-ordaitheoir na hIdirbhliana**
**Coláister Íosagáin**

# Music is Life

CREATE PERFORM RECORD

songschool
www.songschool.ie

imro

## Conas?

**Chun tuilleadh eolais a fháil agus chun ceardlann Songschool a chur in áirithe:**

**Uimh Fóin:** 087 289 5478
**Ríomhphost:** asgaeilge@songschool.ie
**Suíomh idirlín:** www.songschool.ie

**Tá oifigí ag Songschool Ltd. ar fud na hÉireann.**

**Ceannáras:**
Troy Horse Music Centre
Cúinne Sr. an Íarnród agus Lana an Clochar,
Baile Bhrigín,
Co. Baile Átha Cliath



# CRUTHAIGH LÉIRIGH TAIFEAD

# Ceardlanna Ceoil agus Cumadóireachta

songschool
www.songschool.ie





*Ní gá go mbeifí in ann canadh ná uirlis ceoil a sheinm chun páirt a ghlacadh ann*

Cuireann **Songschool** ceardlanna agus tionscadail d'ardchaighdeán ar fáil, a bhíonn bunaithe ar réimse leathan de cheol agus ábhair ghaolmhara. Creidimid go láidir i gclár oideachasúil tairbheach ceoil den chéad scoth a sholáthair, le béim ar chur shuige cruthsitheach, comhoibritheach agus taitneamhach.





*"I had the time of my life! Thank you so much and see you next year."*

## Cad?

- Tugann Ceardlanna Songschool léargas suntasach ar shaol an cheoltóra ghairmiúil, ar chumadóireacht agus ar ghnó an cheoil.
- Scríobhann agus léiríonn agus/nó taifeadann daltaí a gcuid amhrán féin le linn ceardlainne.
- Bronntar dlúthdhiosca dá c(h)uid oibre féin ar gach dalta, chomh maith le teastas rannpháirtíochta "Songschool/IMRO".
- Tar éis na gceardlann, is féidir leis na daltaí leanúint ar aghaidh de bheith ag forbairt a gcuid scileanna trí pháirt a ghlacadh ar ár suíomh idirlín – www.songschool.ie.
- Tá ábhar acmhainne, clár plé agus rannóga eolais agus nuachta air leis.
- Cuireann teagascóirí gairmiúla Songschool na ceardlanna i láthair.

## Cén Áit?

- Cuirtear na ceardlanna i láthair ar shuíomh na scoile, an chlub óige, na hoibre nó d'fhéadfaí iad a chur i láthair ag Troy House Music Centre, i mBaile Brigín, ach é a shocrú roimh ré.
- Tugann na teagascóirí gach fearas a bheidh de dhíth leo. (drumaí san áireamh)

## Cathain?

- Is féidir na ceardlanna a dhearadh go snífidís isteach i bpleananna an mhúinteora mar chuid de mhodúil eile nó mar thionscadail dá gcuid féin.
- Go hiondúil, maireann na ceardlanna taifid ar feadh dhá lá iomlána nó is féidir iad a dhéanamh thar thréimhse roinnt seachtainí.

## Cé?

- Tá fáilte roimh chách ag ceardlanna Songschool
- Tá béim láidir ar chomhoibriú agus ar rannpháirtíocht a mhealladh. Ní gá go mbeifí in ann uirlis ceoil a sheinm ná a bheith in ann canadh chun páirt a ghlacadh ann.
- Is féidir na ceardlanna a chur in oiriúint le freastal ar riachtanais faoi leith. M.sh. dearadh ceardlanna faoi leith a dhíríonn ar an Idirbhliain, ar an Ardteistiméireacht agus ar an Teastas Sóisearach.

## Cén Fáth?

- Tugann sé deis do dhaltaí iniúchadh a dhéanamh ar bhuanna rúnda agus iad féin a chur in iúl.
- Cuireann sé le féinmhuinín agus féin-aithne na ndaltaí.
- Forbraíonn sé scileanna idirphearsanta – bíonn dlúthobair ar siúl idir an múinteoir agus na daltaí i ngrúpaí beaga.
- Tugann sé dúshlán do dhaltaí.
- Foghlaimíonn daltaí conas iad féin a chur in iúl trí fhocail agus cheol.

songschool
www.songschool.ie

CRUTHAIGH LÉIRIGH TAIFEAD